# AN ROINN OIDEACHAIS

# SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

# CLÓSCRÍBHNEOIREACHT

# SIOLLOBAS CLÓSCRÍBHNEOIREACHTA

[Nóta: Tá an Siollabas Eochairchláraithe mar chuid den siollabas seo]

## 1. Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an tSiollabais Chlóscríbhneoireachta:

- a chur ar chumas daltaí an eochairchlár a úsáid trí thadhall amháin agus leis an teicnic cheart
- a chur ar chumas daltaí scileanna eochairchláraithe a mhíniú agus a léiriú le cinnteacht agus le muinín
- fonn féinbhisiúcháin a mhúscailt i ndaltaí
- a chur ar chumas daltaí a gcuid oibre féin a mheas agus a thomhas agus bród a bheith acu as dea-obair
- a chur ar chumas daltaí a bheith ábalta treoracha scríofa a leanacht agus fadhbanna i dtascanna oibre a réiteach agus a anailísiú
- a chur ar chumas daltaí scileanna éagsúla a chomhtháthú - i.e. scil nótaí a thógáil i gclóscríobh táirgeachta
- a chur ar chumas daltaí dul chun leibhéil níos airde i ngnóthú scileanna

## 2. Cuspóirí

Ar chríochnú an chúrsa Clóscríbhneoireachta, beidh daltaí ábalta:

- staidiúir agus méarú ceart a bheith acu ag an eochairchlár agus cur lena n-eolas ar an eochairchlár
- gach gné den eochairchlár a rialú agus a láimhseáil - litreacha, figiúirí, siombailí agus na páirteanna speisialta eile
- teicnící maithe eochraithe a fhorbairt, freagairt thapaidh do léitheoireacht, clóscríobh seasta, rithimeach, leanúnach a chinnteoidh obair rialta
- scil éisteachta le treoracha a fhorbairt - ráite nó intuigthe, scríofa nó ó bhéal
- profaí a léamh go cumasach, gach earráid a aimsiú agus dearcadh criticiúil acu i leith litrithe, poncaíochta, siollabaidh agus comhréire
- tuiscint a fhorbairt ar an eochairchlár mar uirlis litearthachta
- ábaltacht a fhorbairt i ndírchóipeáil le luas agus le cruinneas ionas go sroichfidh siad na caighdeáin atá leagtha síos d'ábhar dírchóipeála
- nósanna maithe oibre a chleachtadh
- litir tharraingteach a leagan amach ó théacs clóbhuailte nó ó lámhscríbhinn*, ceartúcháin chuí a dhéanamh, an litir a ullmhú do shíniúchán agus seoladh a chur ar lipéad nó ar chlúdach litreach don litir sin

---

* Don Ardleibhéal amháin.

- na rialacha maidir le roinnt focal a chur i bhfeidhm
- cóip lámhscríbhinne a leagan amach*
- cóipeanna le scríbhneoireacht chruthaitheach a dhréachtadh a bheidh réidh d'eagarthóireacht agus do chóipeáil
- cóip inúsáidte a ullmhú trí scrios néata, trí litreacha a phlódú agus a scaradh amach 7rl.
- ábhar a leagan amach go slachtmhar:

  a) ábhar a lárnú go hingearach agus go cothrománach
  b) cló taispeántais a úsáid chun aird a tharraingt
  c) táblú a chlóscríobh go slachtmhar agus go cruinn
  d) clóscríobh ó gharbhdhréacht agus ó chreatlach eolais a bheadh tugtha*
  e) ceacht a ullmhú agus a thaispeáint, mar shampla - clár aonleathanaigh, foirm iarratais, fógra, agenda, meamram, biachlár nó ábhair ghaolmhara.

- clóscríobh ó dhírchóip go tapaidh agus go cruinn ar feadh tréimhse cinnte ama, ag luas sásúil agus ag úsáid feistí uile an mheaisín
- cur lena luas agus lena gcruinneas, feabhas a chur ar a léamh profaí agus máistreacht níos fearr a fháil ar theicnící fadhbréitigh in obair tháirgeachta
- prionsabail eagrúcháin agus modhanna oibre maithe a chleachtadh
- scileanna a chleachtadh thar thréimhse níos faide ama agus gan mórán treoracha ag teastáil
- obair a phleanáil, a eagrú, a phrofáil agus a cheartú i méid áirithe ama
- ráiteas táblúcháin a chlóscríobh i gceart, le rialú más gá
- cúram a dhéanamh den mheaisín agus é a úsáid go héifeachtach: scrúdú agus tuairisciú ar a chothabháil.

---
* Don Ardleibhéal amháin.

## 3. Struchtúr an tSiollabais

Ní hé an méid díreach céanna ama a thabharfaidh gach scoil don chúrsa seo ach beifear ag súil le idir 100 agus 150 uair dó, thar na trí bliana. Scil na clóscríbhneoireachta an phríomhghníomhaíocht agus beidh an cur chuige ag am ar bith ag brath ar fhorbairt agus ar scil an dalta. Beidh eolas agus scil le tabhairt in éineacht don dalta. Ba cheart go mbeadh scileanna praiticiúla na litearthachta agus na huimhriúlachta, chomh maith le timpeallacht tráchtála na hoifige oibre le fáil sna tascanna a thabharfar do dhaltaí. Cuirfear an bhéim ar fheabhsú ar luas agus ar chruinneas nuair a bheidh an scoláire chomh fada le táirgeacht clóscríbhneoireachta ach is í an chuspóir i gcónaí, ceachtanna a chríochnú go sásúil, i méid áirithe ama agus an t-eolas agus na scileanna á n-úsáid ag an dalta. Fágfar faoin múinteoir ranga na straitéisí agus na modhanna teagaisc a chuirfidh le fonnadhaint sa seomra scoile.

## 4. Clár an Chúrsa Clóscríbhneoireachta

### 4.1 Eolas agus Tuiscint

Ag deireadh an chúrsa, ba cheart go mbeadh ag scoláirí:

- mioneolas oibre ar an eochairchlár agus ar na heochracha ar fad atá air - uimhreacha, figiúirí agus siombailí speisialta
- tuiscint chruinn ar theicnící oibrithe an eochairchláir agus ar na druileanna agus na feistí éagsúla a fheabhsaíonn scileanna
- aitheantas iomlán ar earráidí agus ar chonas iad a sheachaint
- tuiscint ar chonas a oibríonn an eochairchlár ionas go mbeidh siad ábalta lochtanna a aithint
- léirthuiscint ar cad é píosa oibre dea-eochraithe, cóip atá saor ó chló dúbailte nó doiléir, carachtair atá suite, ailínithe agus taispeánta go maith
- tuiscint mhaith ar stíleanna eile leagain amach litreacha chun píosaí slachtmhara oibre a sholáthar
- eolas maith oibre ar chló, cineálacha priontála agus ar leagan amach cháipéisí
- cumas maith profála, ábalta earráidí a aimsiú agus iad a cheartú le húsáid éifeachtach foclóra
- eolas cruinn ar na teicnící - scriosadh, athailíniú, 'plódú' agus 'scaradh' litreacha
- eolas úsáideach ar mhodhanna measúnaithe mar shampla Oll-líon focal sa Nóiméad (O.F.S.N.) agus Glanlíon focal sa Nóiméad (G.F.S.N.)
- tuiscint ar bhunús na ndruileanna agus na bhfeistí éagsúla a fheabhsaíonn scileanna.

Chomh maith leo sin, be cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas mar chuid lárnach den siollabas:

- Comhfhreagras - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta litreacha a leagan amach go slachtmhar ó théacs clóscríofa agus ó lámhscríbhinn* agus ábalta stíleanna éagsúla a úsáid; ba cheart go mbeadh siad i gcleachtadh ar ullmhú síniúcháin agus sainiúcháin
- Táblú - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta ráitis tháblacha a chruthú
- Rialú - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta straitéisí difriúla rialaithe a úsáid, ar an meaisín nó amuigh as, más gá
- Seoltaí - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta seoltaí a chur i gceart ar chlúdaigh/lipéid, stíleanna cuí a úsáid ar litreacha agus litreacha a dhúbailt i gceart do na clúdaigh

* Don Ardleibhéal amháin.

- Taispeáint - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta cáipéisí a léiriú i gceart mar shampla - cláir aonleathanaigh, foirmeacha iarrtais, fógraí, meamraim, agendae, biachláir agus mar sin de. Chuige seo caithfidh siad stíleanna agus méideanna clónna éagsúla a thuiscint

- Obair Chruthaitheach* - ba cheart go mbeadh daltaí ábalta freagraí a chlóscríobh do thascanna agus cáipéisí a sholáthar ó chreateolas.

4.2 Scileanna

Ba cheart go mbeadh an dalta ábalta:

- obair chleachtaidh, clóscríobh le ham agus tascanna beaga a chlóscríobh agus an meaisín a láimhseáil i gceart agus staidiúir ceart acu
- eochracha feidhmiúla, uimhriúla, figiúirí, litreacha agus siombailí a oibriú gan féachaint anuas agus gan mhíchinnteacht
- dírchóip ar ghnáthdheacracht as ábhar paragraif a chlóscríobh ar feadh 10 nóiméad le 25 focal sa nóiméad don Ghnáthleibhéal agus 30 focal sa nóiméad don Ardleibhéal
- profaí a léamh agus a cheartú
- oll-líon agus glanlíon focal sa nóiméad a áireamh agus marcanna a ríomh d'amtrialacha
- an cumas céanna a bhaint amach ar mheaisín difriúil i seachtain amháin
- straitéisí a aimsiú agus a úsáid chun am a shábháil in úsáid na scile
- treoracha a leanúint, obair a chríochnú go héifeachtach agus scileanna maithe eagrúcháin a úsáid
- tascanna a chlóscríobh go leibhéal sásúil cruinnis, cosúil le litreacha ó lámhscríbhinn* agus foirm chlóbhuailte inphostáilte; ábhar táblach a leagan amach, gan rialú nó leis.
- buntheicnící a léiriú ar chaighdeán a bheidh inghlactha ag an múinteoir (i.e. eochrú, patrúin freagairtí, léamh-chlóscríobh, láimhdeachas éifeachtach ar na heochracha seirbhíse)
- foclóir agus eolaithe a úsáid chun litriú, ceannlitriú agus roinnt focal a dheimhniú ach an luas á choinneáil nó á fheabhsú nuair atá ábhar teicniúil á chlóscríobh
- earráidí a aimsiú agus a cheartú, druiléail ar cheartú earráidí chun feabhsú sa scil seo
- a lochtanna teicníce féin a aimsiú, ábhar cleachtaidh a aimsiú chun na lochtanna seo a cheartú agus iad a chleachtadh ansin go mbeidh siad leigheasta
- druileáil ar ghníomhaíochtaí seachas clóscríobh nó go gcuirfear feabhas ar na gnéithe sin - profáil, ceartú earráidí agus úsáid ábhair thagartha
- cleachtadh a dhéanamh ar fhadhbanna clóscríbhneoireachta as a ndúshlán féin
- an clóscríobhán/meaisín a choinnéil i gcóir mhaith oibre

---

* Don Ardleibhéal amháin

- stáisiúin oibre a choinneáil glan agus eagraithe
- freagraí a chlóscríobh do cheachtanna, ina measc cáipéis a ullmhú ó chreateolas*

---
* Don Ardleibhéal amháin

4.3 Forbairt Dearcaí

Ar chríochnú an chúrsa clóscríobhneoireachta seo, ba cheart go mbeadh ag daltaí:

- dearcaí dearfacha ar obair agus mórtas as obair deadhéanta
- tréithe dearfacha pearsanta cosúil le féinmhuinín, néatacht, dianmhachnamh agus buanseasmhacht
- freagracht astu féin
- fonn féinbhisiúcháin agus dearcadh criticiúil ar a gcuid oibre féin
- dearcaí dearfacha i leith forbairtí teicneolaíochta.

5. Difreáil idir leibhéil

Deacracht na dtascanna, an méid scile, cruinneas, eolas, tuiscint agus cumas ceapacháin a bheidh mar dhifreálaí idir an dá leibhéal.

Ag an Ardleibhéal cuirfear níos mó béime ar eolas a anailísiú, a shintéisiú, a úsáid agus a mheas chun cinntí a ghlacadh agus fadhbanna a réiteach. Is ag an Ardleibhéal amháin a bheidh freagraí le clóscríobh do shannacháin agus cáipéisí a ullmhú ó chreateolas a bheidh curtha ar fáil.

6. Modhanna agus teicící scrúdúcháin

6.1 Ginearálta

Ba cheart go dtiocfadh modhanna measúnaithe le cuspóirí an chúrsa.

2 uair a bheidh sa scrúdú don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal.

Déanfar grádú ar na tástálacha de réir mar a dhéanfar do scrúduithe teastais eile agus beidh siad ar siúl uair sa bhliain, mar a bheidh do na hábhair eile sa Teastas Sóisearach.

Ceadófar am léitheoireachta (mar is gnáth i scrúduithe Clóscríbhneoireachta).

Ba cheart go mbeadh teacht ag scoláirí ar fhoclóir i rith an scrúdaithe.

6.2 Sonrach

Beidh na ceachtanna a bheidh sa scrúdú bunaithe ar an saol gnó agus tráchtála.

Seo iad na rannóga a bheidh sa scrúdú:

(i) tástáil ama/cóipéala ar feadh 10 nóiméad (agus cóip charbóin do na clóscríobháin). Beidh ráta 25 fsn don Ghnáthleibhéal agus 30 fsn don Ardleibhéal
(ii) litir a chlóscríobh ó théacs clóscríofa don Ghnáthleibhéal agus ó théacs clóscríofa nó ó lámhscríbhinn nó meascán den phéire don Ardleibhéal. Níor cheart aon earráidí a bheith i litriú, i bponcaíocht, i ngramadach rl ag an nGnáthleibhéal. Bheifí ag súil le roinnt dá leithéid ag an Ardleibhéal agus cúiteofar daltaí a aimseoidh agus a cheartóidh iad
(iii) ráiteas táblach a ullmhú ó fhoirm chlóbhuailte do dhaltaí Ghnáthleibhéil. O lámhscríbhinn nó ó mheascán den phéire a ullmhóidh daltaí Ardleibhéil an ráiteas
(iv) cáipéis taispeántais a ullmhú ó fhoirm chlóbhuailte do dhaltaí Ghnáthleibhéil agus as lámhscríbhinn nó meascán den phéire do dhaltaí Ardleibhéil
(v) beidh ar dhaltaí Ardleibhéil freagraí a chlóscríobh do shannacháin, rud a chlúdaíonn cáipéisí a ullmhú ó chreatfhoirm.

Beidh dhá pháipéar scrúdaithe ar leith ar fáil.

Roinnfear na marcanna de réir an tábla seo thíos:

| | ROINNT NA MARCANNA | |
|---|---|---|
| | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
| Ceist a 1 | 25 marc | 25 marc |
| Ceist a 2 | 20 marc | 25 marc |
| Ceist a 3 | 25 marc | 30 marc |
| Ceist a 4 | 15 marc | 20 marc |
| Ceist a 5 | 15 marc | --- |
| IOMLAN | 100% | 100% |

Trí scrúdú seachtrach a dhéanfar measúnú ar an gClóscríbhneoireacht. Féadfaidh an scoil na páipéir scrúdaithe a iarraidh ar an Roinn Oideachais (Brainse Scrúdúcháin) nó ar a gníomhairí.